Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13184/22
ADD 1
LIMITE
PV CONS 57
ECOFIN 960

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

4 Deireadh Fómhair 2022

<u>**ÁBHAR**</u>

**Leathanach**

<u>**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**</u>


5. Iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin .................................... 3

6. Praghsanna arda fuinnimh agus margaí airgeadais: Staid na himeartha ..................................... 3

7. An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip ............................................................................................. 3
   a) Tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta
   b) Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

8. Ullmhúchán do chruinniú Airí Airgeadais agus Ghobharnóirí an Bhainc Ceannais de chuid G20 an 12-13 Deireadh Fómhair 2022 agus do chruinnithe bliantúla CAI: Téarmaí Tagartha AE agus ráiteas chuig an gCoiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta agus Airgeadais (IMFC) .......... 3

9. Conclúidí maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide i bhfianaise an 27ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP 27)
   i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)
   in Sharm El-Sheikh an 6- 18 Samhain 2022 ................................................................... 4

10. Ról fioscach agus neamhfhioscach chustaim an Aontais ............................................................ 4

11. Aon ghnó eile ............................................................................................................................... 4
    An staid mar atá maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta le haghaidh seirbhísí airgeadais

IARSCRÍBHINN - Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ................................................... 5


***



PUBLIC

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

**5. Iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin**
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir le tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin.

**6. Praghsanna arda fuinnimh agus margaí airgeadais: Staid na himeartha**
*Cur i láthair ón gCoimisiún agus malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis na roghanna beartais a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar na forbairtí reatha sna margaí airgeadais a bhaineann le luaineacht ard agus praghsanna fuinnimh á méadú.

**7. An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip**

a) **Tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta**
*Cur i láthair ón gCoimisiún agus malartú tuairimí*

b) **Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta** C (*) 12275/22 + ADD 1
*Glacadh*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus ghlac sí an cinneadh cur chun feidhme lena bhformheastar measúnú an Choimisiúin ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre.

**8. Ullmhúchán do chruinniú Airí Airgeadais agus Ghobharnóirí an Bhainc Ceannais de chuid G20 an 12-13 Deireadh Fómhair 2022 agus do chruinnithe bliantúla CAI: Téarmaí Tagartha AE agus ráiteas chuig an gCoiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta agus Airgeadais (IMFC)** 12367/22 12368/22
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle téarmaí tagartha an Aontais do chruinniú G20 na n-airí airgeadais agus gobharnóirí na mBanc Ceannais an 12–13 Deireadh Fómhair 2022 in Washington DC, agus an ráiteas don Choiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta agus Airgeadais (IMFC).

**9. Conclúidí maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide i bhfianaise an 27ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP 27) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) in Sharm El-Sheikh an 6-18 Samhain 2022** 12478/22 + ADD 1

*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle conclúidí maidir le maoiniú don aeráid i bhfianaise Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide COP27.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

PUBLIC

**10. Ról fioscach agus neamhfhioscach chustaim an Aontais** 12527/22

*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an ról atá ag údaráis chustaim an Aontais maidir le leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais a chosaint, slándáil agus sábháilteacht earraí a thagann isteach san Aontas nó a théann amach as a áirithiú agus trádáil a éascú.

**11. Aon ghnó eile**
**An staid mar atá maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta le haghaidh seirbhísí airgeadais**

*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire staid na himeartha i ndáil le reachtaíocht le haghaidh seirbhísí airgeadais a chur chun feidhme.

---

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'B' a leagtar amach in 12814/22**

| | |
|---|---|
| **Maidir le 'B' mír 9:** | **Conclúidí maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide i bhfianaise an 27ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP 27) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) in Sharm El-Sheikh an 6- 18 Samhain 2022**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir faoi chóras náisiúnta dlí na hUngáire i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, aon nathanna ina bhfuil an téarma 'inscne', léirmhíneoidh an Ungáir an téarma sin mar 'gnéas' i gcomhréir le hAirteagail 10, 19 mír 1 agus 157 míreanna 2 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.'

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'B' a leagtar amach in 12816/22**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 9 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir Tharmligthe (AE) ón gCoimisiún an 29.6.2022 lena leasaítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí áirithe i leith táirgí tobac téite a tharraingt siar**<br>*Gníomh tarmligthe - Rún gan agóid a dhéanamh* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ón mBULGÁIR, ón gCIPIR, ón nGRÉIG agus ón IODÁIL**

'Athdhearbhaíonn an Bhulgáir, an Chipir, an Ghréig agus an Iodáil go bhfuil tionchar mór ag an ngníomh tarmligthe a mhol an Coimisiún ar smacht na dtáirgí tobac téite.

Mar a luadh cheana, nílimid cinnte go bhféadfaí athchóiriú casta agus cuimsitheach den sórt sin a thabhairt isteach trí bhíthin Gníomh Tarmligthe.

Gan dochar dár measúnú ar ghnéithe substainteacha an togra ón gCoimisiún, is é ár dtuairim go dtéann an smacht nua a thagann chun cinn leis an ngníomh tarmligthe, thar an gcumhacht tarmligthe faoi Threoir 2014/40/AE agus tá eilimintí riachtanacha arna gcoimeád do reachtóirí na hEorpa i gceist leis agus, mar sin, ba cheart é a chur faoi bhráid an ghnáthphróisis athbhreithnithe reachtaigh. Go háirithe, trí shainmhíniú ar 'táirgí tobac téite' a thabhairt isteach sa ghníomh tarmligthe (féach Airt.1 lena leasaítear Airteagal 7(12) de Threoir 2014/40/AE chun an sainmhíniú sin a chur isteach sa dara fomhír), sáraíonn an Coimisiún, dar linn, teorainneacha na gcumhachtaí tarmligthe arna ndeonú dó le Treoir 2014/40/AE (Airteagail 7, mír 12 agus 11, mír 6 faoi seach).

Thairis sin, i bhfianaise raon feidhme agus ualach na n-oibleagáidí a thugtar isteach agus a chuirtear ar na húdaráis, measaimid nach bhfuil na hamlínte don trasuí agus na hidirthréimhsí a leagtar síos sa ghníomh réalaíoch.

Dá bhrí sin, is cúis imní don Bhulgáir, don Chipir, don Ghréig agus don Iodáil go bhfuil fadhbanna ag baint le húsáid na cumhachta tarmligthe ag an gCoimisiún agus go gcuirtear féachaint ar an gcothromaíocht idirinstitiúideach, rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil agus deacrachtaí praiticiúla do na páirtithe go léir atá i dtrácht. Ní mheasfar gur fasach rialála é an gníomh seo.'

PUBLIC